



Scrúdú Cíche

Faisnéis thábhachtach
faoi coinne do
scagthástáil cíoch



An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service


BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch
The National Breast Screening Programme

Nuair a fhreastalaíonn tú ar do choinne scagthástála cíoch

Cé go mbeidh do thástáil scagthástála cíoch mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh cuma beagáinín difriúil air nuair a rachaidh tú chuig do chlinic nó aonad taistil le haghaidh do chéad choinne scagthástála eile.

Beidh bearta sábháilteachta i bhfeidhm ag gach clinic nó aonad taistil chun othair agus baill foirne a choinneáil slán. Áireofar leis sin go mbeidh do radagrafaí ag caitheamh trealamh cosanta pearsanta (TCP).

Cuirfimid sláintitheoir láimhe ar fáil duit féin agus dár bhfoireann freisin.

Ag teacht chuig do choinne

Tá amanna na gcoinní docht lena chinntiú gur féidir linn scagthástáil a dhéanamh ar an oiread daoine agus is féidir ar ár n-aonaid taistil gach lá.

Iarraimid ort cloí leis an gcomhairle reatha sláinte poiblí agus masc a chaitheamh i suíomhanna cúraim sláinte.

Tá daoine áirithe ann nár chóir, nó nach bhfuil gá dóibh, clúdaigh aghaidhe a chaitheamh. Féach www.hse.ie/coronavirus le haghaidh tuilleadh sonraí.

B'fhéidir go n-iarrfar ort treoracha áirithe a leanúint, mar shampla fanacht lasmuigh den aonad taistil go dtí am do choinne.

Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil aon áiseanna leithris san aonad taistil agus b'fhéidir nach mbeidh áiseanna leithris ar fáil ar an láithreán scagthástála.

Má tá tú tinn nó ag féin-aonrú

Iarraimid nach bhfreastalóidh tú ar do choinne má tá tú tinn, nó má tá tú ag féin-aonrú toisc go bhfuil comharthaí COVID-19 ort nó má bhí tú i ndlúth-theagmháil le duine afuair toradh deimhneach ar thástáil maidir le coronavirus. I measc na comharthaí de COVID-19 tá casacht, fiabhras, giorra anála, deacracht anáilaithe nó cailteanais nó athruithe ar do bhlas nó ar do bholadh.

Lean na treoirínte is déanaí maidir le féin-aonrú tar éis taisteal thar lear agus tú ag smaoineamh an bhfuil tú in ann freastal ar do choinne.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na comharthaí a fháil ar [hse.ie](https://www.hse.ie).

Tugaimid cuireadh duit teagmháil a dhéanamh le BreastCheck má tá aon cheist agat maidir le freastal ar do choinne agus COVID-19.

Téigh i dteagmháil le d'Aonad le do thoil chun a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála is nuashonraithe againn (go háirithe murar fhreastail tú / murar chuir tú uimhir theagmhála ar fáil roimhe seo) mar d'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach coinní a atheagrú nó a athdhearbhú ar ghearrfhógra.

Bíodh a fhios agat go bhfuilimid ag glacadh gach réamhchúraim chun tú a choinneáil slán sábháilte agus tú ag freastal ar do choinne scagthástála cíoch.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.breastcheck.ie nó is féidir leat glao chur ar Shaorghlao 1800 45 45 55

Cad is scagthástáil cíoch ann?

Is éard atá i gceist le scagthástáil cíoch ná mamagram (x-gha) de do bhrollach a thógáil, chun ailse chíche atá ró-bheag le feiceáil nó a mhothú, a aithint.

Nuair a aimsítear ailse chíche go luath, beidh sé níos éasca í a chóireáil agus tá seans níos fearr ann go dtiocfaidh tú slán as.

Cad is ailse chíche ann?

Tarlaíonn ailse chíche nuair a thosaíonn gnáthchealla cíche ag fás ar bhealach neamhghnách.

- Is í ailse chíche ceann de na hailsí is coitianta i measc na mban in Éirinn.
- Is féidir le mná d'aois ar bith ailse chíche a fháil ach méadaíonn an riosca de réir mar a théann tú in aois.
- Taispeánann taighde go bhfuil mná 50 bliain d'aois agus níos sine i mbaol níos airde ailse chíche a fháil.
- Má aimsítear ailse chíche go luath, is dóigh go mbeidh sé níos éasca í á cóireáil.

Cad is BreastCheck (Scrúdú Cíche) ann?

Scrúdú Cíche - Is seirbhís sláinte é an Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch atá mar chuid den tSeirbhís Náisiúnta Scagthástáil - arna mhaoiniú ag an Rialtas. Ciallaíonn sé sin nach gá íoc as.

Tugann an clár tástála ailse cíche (mamagram) do gach bean idir 50 agus 69 bliana d'aois gach dhá bhliain. Féach leathanach 6 chun tuilleadh eolais a fháil amach faoin tástáil seo.

Tá Scrúdú Cíche ar fáil do mhná 50-69 bliana d'aois. Baineann mná sa raon aoise seo an leas is mó as clár scagthástála cíoch. Ba chóir do mhná, is cuma cén aois, teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh (GP) má tá aon imní orthu faoina sláinte cíoch.

An gcuireann scagthástáil cosc ar ailse chíche?

Ní chuireann scagthástáil cosc ar ailse chíche. Mar sin féin, cabhraíonn sé le hailse chíche a aithint go luath.

Ní féidir mamagram a fháil do líon beag ailsí, ach má théann tú i gcomhair scagthástálacha rialta, is féidir aon athruithe a aithint chomh luath agus is féidir. Ag an gcéim sin, beidh sé níos éasca ailse chíche a chóireáil agus tá seans níos fearr agat go dtiocfaidh feabhas maith ort.

Déantar an scagthástáil do mhná nach bhfuil comharthaí ailse orthu. Labhair le do dhochtúir teaghlaigh (GP) chomh luath agus is féidir má tá aon imní nó comharthaí ort. D'fhéadfá leas a bhaint as féachaint ar na hathruithe ar féidir leat a fheiceáil agus a bhrath atá liostaithe ar leathanach 12 den leabhrán seo.

Cá bhfuair BreastCheck mo chuid sonraí?

Faoin Acht Sláinte (Faisnéis a Sholáthar), 1997, tá cead againn ainmneacha, seoltaí agus dátaí breithe na mban incháilithe a fháil ó chomhlachtaí mar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta, an Roinn Sláinte, agus comhlachtaí árachais sláinte phríobháidigh cuideachtaí. Is féidir le mná incháilithe iad féin a chlárú freisin.

Coinníonn Scrúdú Cíche do chuid sonraí agus do thaifid sláinte sábháilte agus faoi rún. Mura dteastaíonn uait páirt a ghlacadh in BreastCheck, scríobh chugainn le do thoil agus ní rachaimid i dteagmháil leat arís.

Molann Scrúdú Cíche do mhná teagmháil a dhéanamh le Scrúdú Cíche ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó seiceáil ar líne ag www.breastcheck.ie chun a chinntiú go bhfuil said ar an gclár.

Do chuid sonraí a choinneáil slán

Caithfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018 agus na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a chomhlíonadh. Aithnimid do cheart chun príobháideachta agus do chuid faisnéise pearsanta a chosaint. B'fhéidir

go gcaithfimis do thaifid sláinte a roinnt más gá tacú le do chúram agus cóireáil. Roinnfidh Scrúdú Cíche do thorthaí le do dhochtúir teaghlaigh mura gcuireann tú a mhalairt in iúl dúinn.

Cad is mamagram ann?

Nuair a bhíonn mamagram agat, úsáidtear meaisín x-gha speisialta chun íomhá de do chíoch a chruthú. Ceann ag an am, déantar do chíoch a chomhbhrú idir dhá phláta phlaisteacha réidhe chun an x-gha a thógáil. Caithear brú ar do chíoch chun a chinntiú go mbeidh an mamagram ar ardchaighdeán.

Scaipeann an brú seo an fíochán cíche amach ionas go bhfeicimid é níos soiléire. Úsáideann an scrúdú mamagrafaíochta dáileog an-íseal radaíochta agus is treise iad na buntáistí ná an riosca. Chun an fhírinne a rá, tá an dáileog radaíochta dáiríre mar an gcéanna le nochtadh thart ar dhá mhí do radaíocht chúlra a tharlaíonn go nádúrtha in Éirinn.

An bhfuil mamagram pianmhar?

Is féidir le mamagram pian a chur ort. Tógann an gnáthamh cúpla nóiméad agus le linn na tréimhse sin cuirtear brú ar gach cíche.

Braitheann roinnt ban míchompord nó pian, ach níl aon fhianaise ann go ndéanann an brú aon dochar don chíoch.



Má bhraitheann tú go bhfuil an gnáthamh ró-phianmhar, inis é sin don radagrafaí láithreach agus stopfaidh sé nó sí.

Leideanna úsáideacha

Caith barr le sciorta / brístí toisc go bhfuil siad níos éasca duit iad a bhaint díot. Déan iarracht púdar talcaim nó díbholáí a sheachaint mar is féidir leo teacht suas ar an mamagram.

Cá rachaidh mé le haghaidh mo choinne Scagthástála Cíoch?

Braitheann sé ar an áit ina gcónaíonn tú. D'fhéadfadh do choinne a bheith in aonad Scrúdaithe Cíche in aice le hospidéal nó in aonad taistil scagthástála.

Maidir le do choinne Scagthástála Cíoch

- Tógfaidh sé thart ar 30 nóiméad san iomlán. Tar i d'aonar le do choinne, le do thoil.
- Ní thógfaidh do mhamagram ach cúpla nóiméad.
- Téigh i dteagmháil leis an aonad le do thoil má bhí mamagram agat laistigh de dhá mhí dhéag ionas go bhféadfaimis comhairle a thabhairt duit maidir le cé chomh fada agus ba cheart duit moill a chur ar do choinne. Ní bheimid in ann dul ar aghaidh le do mhamagram ar lá do choinne sa chás go raibh mamagram agat laistigh de 12 mhí.
- B'fhéidir go mbeidh coinne scagthástála níos faide ag teastáil uait má tá ionchlannáin chíche agat.
- B'fhéidir go mbeidh coinne níos faide ag teastáil uait má tá riachtanais chéadfacha, intleachtúla nó soghluaisteachta agat. Más tá, cuir é sin in iúl dúinn roimh ré agus inis dúinn an uimhir theagmhála ar do litir choinne.
- Tá gach aonad Scagthástála Cíoch inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus tá siad inrochtana don chuid is mó de na cineálacha cathaoireacha rothaí. Má tá aon cheist agat, glaoigh ar uimhir aonaid Scagthástála Cíoch atá ar do litir choinne.

Cad a tharlaíonn tar éis an mhamagraim?

Tá sé mar aidhm againn torthaí do mhamagraim a sheoladh chugat laistigh de thrí seachtaine. Má mholtar cuairt leantach a dhéanamh cuirfimid a leithéid in iúl duit. Seolfaimid cóip de do thorthaí chuig do dhochtúir teaghlaigh (GP) freisin.

Glaofar thart ar dhuine as gach 25 bean (4%) ar ais le haghaidh tuilleadh tástálacha (measúnú) tar éis scagthástála. Is minic a thagann imní mór ar mhná nuair a ghlaitear ar ais orthu, agus mar sin déanann Scagthástáil Cíoch a dhícheall na rátaí athghlaite a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Glaofear ar ais ar mhná a bhfuarthas amach go raibh rud éigin neamhghnách ar a mamagram le haghaidh tuilleadh tástálacha (measúnú) agus tuilleadh meastóireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh orthu dul faoi bhithóipse sampla fíocháin ón gcíoch agus a thástáil lena fháil amach an bhfuil ailse air.

Is é máinliacht an chéad chóireáil a chuirtear ar fáil do thromlach na gcineálacha ailse cíche.

Níl ailse ar fhorhmór na mban a nglaoitear ar ais orthu le haghaidh tuilleadh tástála. Mar sin gheobhaidh thart ar 99% de na mná a chuaigh tríd an gclár Scagthástála Cíoch gnáththoradh. Molaimid dóibh leanúint ar aghaidh ag freastal ar choinní scagthástála nuair a thugtar an cuireadh dóibh.

Buntáistí a bhaineann le scagthástáil cíoch

Scagthástáil cíoch:

- sábhálann sé beatha
- tá sé in ann ailse chíce a bhrath go luath
- feabhsaíonn sé rátaí marthanais ó ailse chíce.


Má aimsítear ailse chíce go luath trí scagthástáil rialta:

- tá sé níos éasca í a chóireáil
- d'fhéadfadh sé sé tuilleadh roghanna cóireála a thairiscint
- tugann sé seans níos fear duit teacht slán as.

Teorainneacha scagthástála cíche

Ní féidir le raideolaí a rá go láncinnte leat go bhfuil gach mínormáltacht fíocháin a d'fhéadfadh a bheith ann aimsithe acu.

Bíonn cásanna ann nuair nach n-aithníonn an scrúdú mínormáltacht fíocháin a d'fhéadfadh a bheith ailseach. Beidh cásanna ann freisin nuair a aithnítear mínormáltachtaí atá neamhóideach. Tarlaíonn sé sin i ngach clár scagthástála a chomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta dea-chleachtais, Scagthástáil Cíoch ina measc. Dá bhrí sin, molaimid duit leanúint le bheith aireach agus dul i gcomhairle le do dhochtúir teaghlaigh má tá aon imní ort.



Tá seans beag ann go bhfaighidh tú toradh diúltach ar mhamagram nuair a bhíonn ailse ann. Tugtar toradh bréagach diúltach air sin, agus d'fhéadfadh sé tarlú in aon chlár scagthástála.

Gheobhaidh timpeall beirt as gach 1,000 bean ar a ndéanfar scagthástáil toradh bréagach diúltach. Gheobhaidh timpeall triúr as gach 100 bean a ar a ndéanfar scagthástáil toradh dearfach bréagach.

Ar an meán, as gach **1,000** bean a scagadh le haghaidh ailse chíche



7 a dhiagnóisiú le hailse

993 gheobhaidh sé gnáththoradh.

de **2** Na mná seo,
beidh ailse orthu sa deireadh
nach mbraitear. beidh ailse orthu
sa deireadh nach mbraitear

Ródhiagnóis – D’fhéadfadh ródhiagnóis a bheith mar thoradh ar an scagthástáil. Tárlaíonn sé sin nuair a aithnítear riochtaí gan dochar, as a dtagann cóireáil agus strus gan ghá.

Uaireanta bíonn ailsí cíche le feiceáil ach bíonn siad ag céim luath. Ní féidir a rá i gcónaí cad iad na hailsí a chuirfidh beatha i mbaol.

Chun tuilleadh eolais a fháil amach faoi na buntáistí agus na teorainneacha a bhaineann le scagthástáil cíoch, féach www.breastcheck.ie nó Saorhlalo 1800 45 45 55.

Cad is ailse neamh-ionrach (DCIS) ann?

Tugtar ‘carcinoma ducta in situ’ ar ailse neamh-ionrach, nó DCIS go gairid. Is cineál ailse chíche luath í DCIS. Is féidir cur síos a dhéanamh uirthi freisin mar ailse réamh-ailseach, réamh-ionrach nó iontraduchtach.

Nuair a bhíonn DCIS ort, bíonn an ailse i láthair i gcuid de na ductanna bainne (cainél i do chíche a iompraíonn bainne go dtí an dide). Ciallaíonn sé seo go bhfuil na cealla ailse taobh istigh de na ductanna bainne (‘in situ’) agus nach bhfuil siad scaipthe laistigh nó lasmuigh de do chíche.

Chun diagnóis DCIS a dhearbhuí, bheadh bithóipse ag teastáil uait, i gcás ina dtógtar píosa fíocháin ó do chíche lena scrúdú.

An bhfuil cineálacha éagsúla DCIS ann?

Is féidir iad a roinnt ina DCIS ardghrádach, meanghrádach agus bunghrádach. Tá an grádú sin bunaithe ar an gcuma atá ar na cealla faoin micreascóp.

Mura ndéantar DCIS a chóireáil, d'fhéadfadh na cealla a scaipeadh ó na ductanna isteach san fhíochán cíche máguaird agus tiontú go hailse ionrach (ceann ar féidir leis scaipeadh go baill eile den chorp). Tá seans níos lú ann go dtiocfaidh ailse ionrach ar DCIS bunghrádach ná ar DCIS ardghrádach.

Ní fhásann DCIS ina ailse ionrach i ngach bean, fiú mura ndéantar cóireáil uirthi. Ach ní féidir a rá cén DCIS a fhorbróidh go hailse ionrach agus cén ceann nach bhforbróidh. Dá réir sin, faigheann mná áirithe cóireáil le haghaidh DCIS nach bhforbróidh go hailse ionrach choíche.

Cad a chuireann tú i mbaol ailse chíce a fháil?

De réir taighde is féidir leis na cúiseanna seo a leanas tú a chur i mbaol ailse a fháil:

- más bean thú (is féidir le fir ailse chíce a fháil chomh maith, ach is annamh é)
- dul in aois
- stair ailse cíche sa chlann agat
- do nósanna maireachtála, mar shampla an iomarca alcóil a ól, an iomarca meáchain gnóthaithe agat tar éis sos míostraithe, nó easpa aclaíochta.

Fiú nuair tar éis scagthástáil a dhéanamh ort, ba chóir duit a bheith feasach i gcónaí faoi do chóicha agus do chóicha a scrúdú go rialta le haghaidh aon athruithe.

Bí feasach ar do chíocha

Is cuma cén aois thú, is tábhachtach a bheith feasach i gcónaí faoi do chíocha.

- Bíodh a fhios agat cad atá normálta do do chorp.
- Bíodh a fhios agat cad iad na hathruithe ba cheart duit a lorg.

Cad iad na hathruithe ba chóir dom a chuardach agus a mhothú?

- aon chnapáin nó ramhrú neamhghnách i do chíocha
- loigíneadh, teannas nó deargadh craicinn
- díde a bhfuil Cuma tarraingthe isteach nó brúitr síos uithi
- gríos nó craiceann calógach nó screamhógach timpeall na díde
- athrú ar mhéid nó ar chruth do chíche
- at faoi d'ascall nó timpeall do dhearlracháin.

Tabhair faoi deara, le do thoil: Tá go leor cúiseanna le hathruithe i do chíoch. Bíonn an formhór acu neamhurchóideach ach ba cheart duit aon athrú a sheiceáil. Má tá aon imní ort nó má thugann tú aon athruithe faoi deara, tabhair cuairt ar do dhochtúir teaghlaigh gan mhoill, fiú má bhí mamagram agat le déanaí.

Is maith an rud é labhairt

Má tá aon cheist agat, b'fhéidir go gcabhróidh sé leat labhairt faoi Scagthástáil Cíoch le do theaghlach agus le do chairde - go háirithe duine a d'úsáid an tseirbhís cheana féin. Is féidir leat glaoch orainn freisin saor in aisce ar 1800 45 45 55.

Cumarsáid a dhéanamh leat

Beidh gach cumarsáid a dhéanfaimid leat oscailte, macánta, tráthúil agus trédhearcach:

- má théann rud ar bith cearr le do chúram
- má dhéanann do chúram dochar duit
- más dóigh linn go bhféadfadh sé gur tharla dochar duit.

Ciallaíonn sé sin go gcoinneoidimid ar láneolas thú faoi na fíricí agus na sonraí faoin pháirt a bhí agat sa Chlár Scagthástála Cíoch.

Do chead a thabhairt

Nuair a fhreastalaíonn tú ar mamagram scagthástála cíoch den chéad uair iarrfar ort do chead a thabhairt dúinn trí fhoirm a shíniú roimh an tástáil.

Mura féidir leat an fhoirm a shíniú, iarrfar ort do chead a thabhairt ó bhéal nó trí mharc a dhéanamh ar an bhfoirm os comhair radagrafaí. Is féidir leat an cead sin a aistarraingt aon am, fiú tar éis don mhamagram tosú.

Deimhnítear san fhoirm shínithe:

- gur cuireadh an t-eolas faoi scagthástáil cíoch, agus na buntáistí agus na teorainneacha a bhaineann léi in iúl duit
- go dtuigeann tú an t-eolas sin
- gur chinntigh tú go raibh an t-ainm, an seoladh agus sonraí eile ceart, líonta isteach agat, ionas go mbeimid in ann leanúint le cumarsáid a dhéanamh leat
- go ligeann tú dúinn d'fhaisnéis phearsanta agus do stair scagthástála a fháil, a choinneáil agus a mhalartú leo siúd a chuireann an clár ar fáil, le do dhochtúir teaghlaigh, agus le Clárann Náisiúnta Ailse na hÉireann.


Ná dean dearmad: Ní féidir le haon duine ach tú féin do chead a thabhairt páirt a ghlacadh inár gclár. Is féidir leat do chead a aistarraingt aon am trí ríomhphost a sheoladh chuigainn ag info@breastcheck.ie nó trí ghlaoh orainn ar Saorghlao 1800 45 45 55.

Má tharraingíonn tú do chead siar, ní dhéanfaimid dteagmháil arís leat faoin gclár scagthástála cíoch.

Scagthástail? Is é do chinneadh

Is é do rogha glacadh le scagthástáil Cíoch nó diúltú di. Is féidir leat an cuireadh ó Scagthástáil Cíoch a ghlacadh nó a dhiúltú. Is féidir leat chomh maith glacadh leis an gcuireadh, ach d'intinn a athrú níos déanaí.

Tá sé mar aidhm le gach scagthástáil an chothromaíocht cheart a fháil idir na buntáistí agus teorainneacha an phróisis. Caithfidh tú roghnú cad is fearr duitse dar leat.



Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, clárú nó seiceáil an bhfuil tú ar an gclár, féach www.breastcheck.ie nó cuir glao ar Shaorghlao ar 1800 45 45 55.

Ardoifig

Áras Ostaí an Rí,
200 Sráid Parnell, Baile Átha Cliath 1
Fón: 01 865 9300
Saorhlao: 1800 45 45 55
Ríomhphost: info@breastcheck.ie

Aonad Eccles

36 Sráid Eccles, Baile Átha Cliath 7
Fón: 01 882 6200
Ríomhphost: eccles@breastcheck.ie

Aonad Mhuirfean

Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4
Fón: 01 223 5800
Ríomhphost: merrion@breastcheck.ie

Aonad an Deiscirt

Bóthar na hOtharlainne, Corcaigh
Fón: 021 464 9700
Ríomhphost: southern@breastcheck.ie

Aonad an Iarthair

Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh
Fón: 091 580 600
Ríomhphost: western@breastcheck.ie

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, clárú nó
seiceáil an bhfuil tú ar an gclár, féach
ar www.breastcheck.ie nó glaoigh
Saorhlao ar 1800 45 45 55.

Ríomhphost: info@breastcheck.ie

Saorghlao: 1800 45 45 55



An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

